Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 22 Meán Fómhair 2025**
**(OR. en)**

**13093/25**

**ENV 871**
**CLIMA 356**
**FORETS 73**
**AGRI 437**
**DELACT 136**

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 19 Meán Fómhair 2025 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | C(2025) 6310 final |
| Ábhar: | RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) …/... ÓN gCOIMISIÚN an 19.9.2025 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2024/1991 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle trí mhodh eolaíochtbhunaithe a bhunú chun faireachán a dhéanamh ar éagsúlacht pailneoirí agus ar dhaonraí pailneoirí |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad C(2025) 6310 final.

---

Faoi iamh: C(2025) 6310 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 19.9.2025
C(2025) 6310 final

**RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) …/... ÓN gCOIMISIÚN**

**an 19.9.2025**

**lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2024/1991 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle trí mhodh eolaíochtbhunaithe a bhunú chun faireachán a dhéanamh ar éagsúlacht pailneoirí agus ar dhaonraí pailneoirí**

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

## MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

## 1. COMHTHÉACS AN GHNÍMH THARMLIGTHE

### 1.1. Cúlra ginearálta agus cuspóirí

Tá pailneoirí ríthábhachtach dár bhfolláine agus dár slándáil bia, agus do mharthanas an dúlra. Cuidíonn siad le plandaí atáirgeadh trí phailin a aistriú ó chodanna fireanna chuig codanna baineanna de bhláthanna, rud a chumasaíonn an toirchiú. Leis an tseirbhís pailnithe sin tacaítear le thart ar cheithre as gach cúig speiceas plandaí barr agus bláthacha fiáine san Eoraip, lá agus oíche. San Eoraip, is feithidí amhail beacha, cuileoga, féileacáin agus leamhain iad pailneoirí go príomha.

San Aontas Eorpach, tá laghdú mór tagtha ar phailneoirí le blianta beaga anuas. Tá meath ag teacht ar dhaonraí de cheann as gach trí speiceas beach, beach gabhair agus féileacán. Tá ceann as gach deich speiceas beach agus féileacán agus ceann as gach trí speiceas beach gabhair i mbaol a ndíothaithe. Spreag an meath ar phailneoirí fiáine glaonna scanrúla ar fud na sochaí ar ghníomhaíocht chinntitheach chun dul i ngleic le cúiseanna an mheatha, amhail an Tionscnamh Eorpach ó na Saoránaigh 'Sábhálaimis na Beacha agus na Feirmeoirí', lenar bailíodh níos mó ná aon mhilliún ráiteas tacaíochta. Tá rabhadh tugtha ag eolaithe go dtiocfadh meath ar roinnt mhaith speicis plandaí gan phailneoirí agus go n-imeoidís ar deireadh in éineacht leis na horgánaigh a bhraitheann orthu. Bheadh iarmhairtí forleathana éiceolaíocha, sóisialta agus eacnamaíocha aige sin.

Chun dul i ngleic leis an dúshlán sin, sheol an Coimisiún Tionscnamh an Aontais um Pailneoirí in 2018, agus an Beart Nua le haghaidh Pailneoirí[1] in 2023 d'fhonn a ghníomhaíochtaí a threisiú. Le glacadh an Rialacháin maidir le hAthchóiriú an Dúlra[2] in 2024, cumhdaíodh uaillmhian an Bhirt Nua le haghaidh Pailneoirí i sprioc atá ceangailteach ó thaobh dlí.

Faoin Rialachán maidir le hAthchóiriú an Dúlra, ní mór do na Ballstáit feabhas a chur ar éagsúlacht pailneoirí agus an meath ar dhaonraí pailneoirí a aisiompú faoi 2030 ar a dhéanaí agus treocht mhéadaitheach a bhaint amach ina dhiaidh sin maidir le daonraí pailneoirí, rud a thomhaisfear gach 6 bliana ar a laghad ó 2030 ar aghaidh, go dtí go mbainfear leibhéil shásúla amach.

Leis an Rialachán maidir le hAthchóiriú an Dúlra, foráiltear freisin nach mór do na Ballstáit faireachán a dhéanamh ar fhlúirse agus éagsúlacht pailneoirí trí mhodh eolaíochtbhunaithe a úsáid. Leis an Rialachán, cumhachtaítear an Coimisiún le gníomhartha tarmligthe a ghlacadh chun modh den sórt sin a bhunú (an 'modh faireacháin'). Leis an modh faireacháin, ní mór cur chuige caighdeánaithe a sholáthar chun sonraí bliantúla a bhailiú maidir le flúirse agus éagsúlacht speiceas pailneoirí ar fud na n-éiceachóras. Agus an modh á chur chun feidhme, ní mór do na Ballstáit a áirithiú go ndéanfar faireachán ar líon leordhóthanach láithreán chun ionadaíochas a áirithiú ar fud a gcríoch. Leis an modh faireacháin, ní mór cur chuige caighdeánaithe a sholáthar freisin chun measúnú a dhéanamh ar threochtaí i ndaonraí pailneoirí agus ar éifeachtacht beart athchóirithe sna pleananna athchóirithe náisiúnta, bunaithe ar na sonraí a bailíodh.

### 1.2. An cúlra dlíthiúil

Tá an rialachán tarmligthe seo bunaithe ar Airteagal 10(2) den Rialachán maidir le hAthchóiriú an Dúlra lena gcumhachtaítear an Coimisiún le modh eolaíochtbhunaithe a bhunú agus a thabhairt cothrom le dáta chun faireachán a dhéanamh ar éagsúlacht pailneoirí agus

[1] COM/2023/35 final.
[2] Rialachán (AE) 2024/1991.

daonraí pailneoirí. Beidh an modh faireacháin sin mar an bonn chun measúnú a dhéanamh ar an dul chun cinn a dhéanfaidh na Ballstáit i dtreo na spriocanna a leagtar amach in Airteagal 10(1) den Rialachán maidir le hAthchóiriú an Dúlra a bhaint amach chun feabhas a chur ar éagsúlacht pailneoirí agus an meath ar dhaonraí pailneoirí a aisiompú faoi 2030 ar a dhéanaí agus treocht mhéadaitheach a bhaint amach ina dhiaidh sin maidir le daonraí pailneoirí, rud a thomhaisfear gach 6 bliana ar a laghad ó 2030 ar aghaidh, go dtí go mbainfear leibhéil shásúla amach.

Leis an rialachán tarmligthe comhlíontar prionsabal na comhréireachta toisc nach dtéann sé thar a bhfuil riachtanach chun an cuspóir a bhaint amach maidir le modh eolaíochtbhunaithe caighdeánaithe a bhunú chun faireachán a dhéanamh ar éagsúlacht pailneoirí agus daonraí pailneoirí, mar a mhínítear sa roinn seo a leanas.

### 1.3. Prionsabail agus modhanna eolaíocha atá mar bhonn taca faoin rialachán tarmligthe

#### 1.3.1. Bonn eolaíoch agus teicniúil

Ó bhí 2019 ann, thacaigh an Coimisiún le bonn eolaíoch láidir a fhorbairt le haghaidh scéim chostéifeachtach de chuid an Aontais um fhaireachán ar phailneoirí (EU- PoMS) tríd an tionscadal STING[3]. Faoi chomhordú Airmheán Comhpháirteach Taighde (JRC) an Choimisiúin, leis an tionscadal tugadh saineolaithe ardcháilithe le chéile, lena n-áirítear i réimsí na bitheolaíochta pailneoirí, na suirbhéanna ar réimsí na bithéagsúlachta agus an staidrimh éiceolaíoch, chun roghanna eolaíocha agus teicniúla a fhorbairt le haghaidh EU- PoMS. Rinneadh na roghanna sin a phíolótú agus a thástáil ar an talamh leis an tionscadal SPRING[4]. Foilsíodh torthaí STING mar dhá Thuarascáil Theicniúla JRC, an chéad tuarascáil STING ó 2021[5] agus an dara tuarascáil STING ó 2024[6], lena soláthraítear an réamhobair úrscothach don mhodh faireacháin a leagtar amach sa rialachán tarmligthe seo.

#### 1.3.2. Cur chuige ginearálta

Leis an rialachán tarmligthe leagtar amach modh faireacháin lena soláthraítear cur chuige caighdeánaithe chun sonraí bliantúla a bhailiú maidir le flúirse agus éagsúlacht speiceas pailneoirí ar fud na n-éiceachóras, chun measúnú a dhéanamh ar threochtaí i ndaonraí pailneoirí agus ar éifeachtacht beart athchóirithe arna nglacadh ag na Ballstáit, mar a cheanglaítear le hAirteagal 10(3) den Rialachán maidir le hAthchóiriú an Dúlra.

Bunaítear leis an modh córas táscaire láidir chun athruithe ar dhaonraí pailneoirí a thomhas, rud atá comhdhéanta de (i) comhtháscaire pailneoirí chun measúnú a dhéanamh ar threochtaí i bhflúirse agus éagsúlacht speiceas pailneoirí coitianta i ngach Ballstát, agus (ii) táscaire maidir le saibhreas speiceas pailneoirí chun measúnú a dhéanamh ar threochtaí sa líon iomlán speiceas pailneoirí (coitianta agus neamhchoitianta) a thugtar faoi deara i mBallstát.

---

3 Eolaíocht agus Teicneolaíocht le haghaidh Feithidí a Phailniú (STING) agus Eolaíocht agus Teicneolaíocht le haghaidh Feithidí a Phailniú Plus (STING+).

4 Téarnamh Pailneoirí a Neartú trí Tháscairí agus trí Fhaireachán.

5 Potts, S., Dauber, J., Hochkirch, A., Oteman, B., Roy, D., Ahnre, K., Biesmeijer, K., Breeze, T., Carvell, C., Ferreira, C., Fitzpatrick, Ú., Isaac, N., Kuussaari, M., Ljubomirov, T., Maes, J., Ngo, H., Pardo, A., Polce, C., Quaranta, M., Settele, J., Sorg, M., Stefanescu, C. agus Vujic, A. (2020): *Proposal for an EU pollinator monitoring scheme* [Togra le haghaidh scéim de chuid an Aontais um fhaireachán ar phailneoirí], JRC122225.

6 Potts, S.G., Bartomeus, I., Biesmeijer, K., Breeze, T., Casino, A., Dauber, J., Dieker, P., Hochkirch, A., Høye, T., Isaac, N., Kleijn, D., Laikre, L., Mandelik, Y., Montagna, M., Montero Castaño, A., Öckinger, E., Oteman, B., Pardo Valle, A., Polce, C., Povellato, A., Quaranta, M., Roy, D., Schweiger, O., Settele, J., Ståhls-Mäkelä, G., Tamborra, M., Troost, G., Van Der Wal, R., Vujić, A. agus Zhang, J. (2024): *Refined proposal for an EU pollinator monitoring scheme* [Togra beachtaithe le haghaidh scéim de chuid an Aontais um fhaireachán ar phailneoirí], JRC138660.

Tá an comhtháscaire pailneoirí comhdhéanta de mhéadrachtaí seanbhunaithe chun measúnú a dhéanamh ar fhlúirse speiceas (an t-innéacs flúirse ginearálaithe) agus ar éagsúlacht speiceas (Innéacs Éagsúlachta Shannon- Wiener). Ós rud é nach ndéanfar speicis pailneoirí neamhchoitianta a thaifeadadh ag an gcuid is mó de na láithreáin faireacháin, níl na méadrachtaí sin oiriúnach chun speicis pailneoirí neamhchoitianta a chumhdach. Tabharfar aghaidh ar speicis neamhchoitianta, i gcomhpháirt le speicis pailneoirí choitianta, tríd an líon iomlán speiceas pailneoirí a thaifeadtar go bliantúil i ngach Ballstát a bhunú (an táscaire maidir le saibhreas speiceas).

Chun cainníocht agus cáilíocht leordhóthanach sonraí a áirithiú chun an comhtháscaire pailneoirí agus an táscaire maidir le saibhreas speiceas pailneoirí a ríomh, bunaítear leis an modh faireacháin cur chuige atá láidir ó thaobh na heolaíochta de agus atá costéifeachtach chun sonraí a bhailiú maidir le flúirse agus éagsúlacht speiceas pailneoirí. Is iad príomhghnéithe an chur chuige sin láithreáin faireacháin a roghnú trí shampláil randamach shrathaithe, siúlóidí traschriosacha agus gaistí solais a úsáid le haghaidh speicis choitianta, agus cuairteanna spriocdhírithe ar an láthair le haghaidh speicis neamhchoitianta.

Pacáiste modheolaíoch comhleanúnach is ea an cur chuige bailithe sonraí agus an cur chuige measúnaithe as a dtagann ríomh na dtáscairí. Leis an bpacáiste seo, baintear cothromaíocht amach idir an méid sonraí is gá chun táscairí láidre iontaofa a thógáil, an líon íosta láithreán faireacháin agus an iarracht bailithe sonraí is gá ag gach láithreán. Is gné lárnach den chomhleanúnachas modheolaíoch sin roghnú na láithreán faireacháin bunaithe ar shampláil randamach shrathaithe.

### 1.3.3. An spriocspeiceas

San Eoraip, is é raon leathan grúpaí tacsanomaíocha feithidí amhail beacha, beacha gabhair agus cuileoga, féileacáin, leamhain, foichí, tripis agus ciaróga eile a dhéanann plandaí bláthacha a phailniú. Cé gur cheart, i bprionsabal, gach grúpa a áireamh san fhaireachán ar phailneoirí, tugann na hacmhainneachtaí atá ar fáil faoi láthair údar leis an raon feidhme a theorannú do bheacha, beacha gabhair, féileacáin agus leamhain (gan micrileamhain a áireamh). Tá sé d’aidhm aige sin é a chur ar a gcumas do na Ballstáit an modh faireacháin a chur chun feidhme go héifeachtach agus acmhainneacht a fhothú de réir a chéile chun faireachán a dhéanamh ar ghrúpaí eile ar bhealach éifeachtúil. Leis na ceithre ghrúpa roghnaithe cuimsítear raon leathan ról sonrach atá ag pailneoirí in éiceachórais talmhaíochta agus foraoise, chomh maith le héiceachórais eile (lena n-áirítear éiceachórais uirbeacha agus éiceachórais nádúrtha nach bhfuil bainistithe seachas foraoisí) trí phailniú lae agus oíche.

I gcomhréir leis an Rialachán maidir le hAthchóiriú an Dúlra, tá an raon feidhme faireacháin teoranta do speicis pailneoirí fhiáine. Ar an gcúis sin, eisiatar an bheach mheala (*Apis mellifera*) ó raon feidhme an rialacháin tharmligthe. Is daoine go príomha a bhainistíonn an bheach mheala, agus tá a láithreacht san fhiántas teoranta. Bheadh sé deacair agus ródhian idirdhealú a dhéanamh idir daonraí beach meala bainistithe agus fiáine sa pháirc.

Is éard atá i gceist le speicis pailneoirí choimhthíocha speicis a thugtar isteach lasmuigh dá raon nádúrtha. Ní rannchuidíonn siad le daonraí pailneoirí dúchasacha agus is féidir leo a bheith ina mbagairt fiú. Féadfaidh na Ballstáit speicis pailneoirí choimhthíocha a áireamh sa raon feidhme faireacháin d’fhonn faireachas ar leathadh speiceas den sórt sin a fheabhsú. Mar sin féin, eisiatar speicis pailneoirí choimhthíocha ón measúnú ar na treochtaí i bhflúirse agus éagsúlacht pailneoirí.

### 1.3.4. Sainaithint speiceas

Ceanglaítear leis an Rialachán maidir le hAthchóiriú an Dúlra go mbaileofar sonraí maidir le flúirse agus éagsúlacht speiceas pailneoirí ar fud na n-éiceachóras. Chuige sin, is gá eiseamail a breathnaíodh agus a gabhadh a shainaithint ar leibhéal an speicis.

Leis an rialachán tarmligthe, tugtar solúbthacht do na Ballstáit maidir leis na modhanna chun speicis a shainaithint. Ba cheart na modhanna a chruthú go heolaíoch. I gcás siúlóidí traschriosacha, tiocfaidh méadú ar sciar na n-eiseamal a shainaithnítear go díreach sa pháirc de réir mar a thiocfaidh méadú ar acmhainneacht na saineolaithe.

### 1.3.5. Roghnú láithreán faireacháin

Chun faireachán costéifeachtach a dhéanamh, éilítear iarracht íosta chun sonraí leordhóthanacha a bhailiú chun measúnú a dhéanamh ar an dul chun cinn i dtreo na spriocanna a leagtar amach faoi Airteagal 10(1) den Rialachán maidir le hAthchóiriú an Dúlra. Tá an modh a leagtar amach sa rialachán tarmligthe bunaithe ar fhaireachán a dhéanamh ar phailneoirí ar líon íosta láithreán atá ionadaíoch do chríoch iomlán Ballstáit. Chun é sin a áirithiú, ní mór láithreáin faireacháin a roghnú ar bhealach randamaithe ar fud na críche iomláine. Murach sin, thabharfaí claontacht isteach sa phróiseas bailithe sonraí, rud a d'fhágfadh go mbeadh an measúnú bunaithe ar shonraí den sórt sin neamhiontaofa. Is príomhphrionsabal é láithreáin a roghnú trí shampláil randamach chun modh faireacháin atá láidir ó thaobh staidrimh de a fháil.

Cuirtear sampláil shrathaithe ar láithreáin faireacháin i bhfeidhm trí thacar iomlán na láithreán samplála féideartha i gcríoch talún Ballstáit a roinnt ina strataim (arna ndifreáil de réir mórchineálacha éiceachórais agus réigiúin bhithgheografacha), a bhfuil ionadaíocht cheart le déanamh orthu sa phróiseas roghnaithe láithreán.

Rinneadh an líon íosta láithreán i ngach Ballstát a ríomh trí phróiseas eolaíoch láidir bunaithe ar léirbhreithniú ar an litríocht, anailís ar fhíorshonraí faireacháin agus sonraí arna nginiúint le samhail ríomhaire, anailís ar chumhacht staidrimh, agus measúnú saineolaithe. Leis an gcur chuige samhaltaithe, rinneadh measúnú ar an ngaolmhaireacht idir an líon láithreán, ar an gcumhacht staidrimh chun leibhéal áirithe athraithe ar fhlúirse speiceas pailneoirí coitianta a bhrath agus ar an gceanglas chun líon leordhóthanach barúlacha a bhailiú chun an fhlúirse a ríomh le haghaidh 30 % ar a laghad de na speicis.

Rinneadh an ríomh ar leithligh le haghaidh gach Ballstáit ós rud é go ndéantar sprioc a leagan síos leis an Rialachán maidir le hAthchóiriú an Dúlra, sprioc atá ceangailteach ó thaobh dlí maidir le pailneoirí ar an leibhéal náisiúnta. Ba iad na príomhthosca lenar cinneadh an líon íosta láithreán saibhreas speiceas agus ilchineálacht cumhdaigh talún i mBallstát – dhá thoisc a athraíonn go mór ó Bhallstát go chéile. Bhí tionchar teoranta agus indíreach ag méid na tíre, i gcás ina ndearnadh difear leis sin do shaibhreas speiceas nó ilchineálacht cumhdaigh talún. Sin an fáth a bhfuil gá freisin le líon réasúnach láithreán i mBallstáit bheaga. Ailíníonn an méid sin le prionsabail na heolaíochta staidrimh: is í an phríomhthoisc a bhaineann le méid sampla a chinneadh (i.e. an t-íoslíon láithreán) ó dhaonra staidrimh (i.e. críoch iomlán Ballstáit) inathraitheacht an daonra (i.e. a mhéid a athraíonn na paraiméadair ábhartha laistigh den daonra) seachas méid an tsampla i gcoibhneas leis an daonra.

Sainítear leis an modh láithreán faireacháin mar chearnóg 2 km faoi 2 km atá láraithe ar phointe de mháistirghreille LUCAS[7]. Leis sin tugtar solúbthacht leordhóthanach do na Ballstáit gaiste traschriosach nó solais 1 km a shuí go héifeachtach laistigh de láithreán faireacháin. Roghnaíodh greille LUCAS sheanbhunaithe a úsáidtear go forleathan chun an

[7] Suirbhé Staidrimh fráma Limistéir ar Chumhdach/Úsáid Talún.

próiseas samplála randamach srathaithe sna Ballstáit a chaighdeánú agus a éascú. Tá faisnéis maidir le cumhdach talún agus úsáid talún ar fáil go héasca don ghreille seo.

Socraítear achair íosta idir láithreáin faireacháin chun a áirithiú go mbeidh siad scaipthe amach ar fud críoch Ballstáit.

Leis an rialachán tarmligthe soláthraítear liosta de chritéir eisiaimh roghnacha a bhféadfaidh na Ballstáit úsáid a bhaint as chun suíomhanna a eisiamh, suíomhanna arbh fhéidir go mbeadh sé ródhian nó dodhéanta faireachán a dhéanamh orthu (láithreáin chianda nó neamh- inrochtana).

Leis an rialachán tarmligthe foráiltear freisin nár cheart athrú a dhéanamh ar na láithreáin faireacháin le linn tréimhse mheasúnaithe – tá sé sin ríthábhachtach chun aon chlaontacht a d'fhéadfadh a bheith ann a sheachaint. Leis sin leagtar síos rialacha soiléire chun láithreán roghnaithe a ionadú i gcás ina dtagann sé chun bheith dorochtana ina dhiaidh sin.

I bhfianaise go bhfuil céatadán ard talún faoi úinéireacht phríobháideach, tá sé tábhachtach go mbunódh na Ballstáit comhar le húinéirí talún agus bainisteoirí talún d'fhonn cur in úsáid gníomhaíochtaí faireacháin ar thalamh príobháideach a éascú.

**1.3.6. Prótacail maidir le bailiú sonraí allamuigh**

Maidir le pailneoirí lae (i.e. beacha, beacha gabhair, féileacáin agus leamhain lae), tá siúlóidí traschriosacha ar an modh is costéifeachtaí chun sonraí allamuigh a bhailiú le haghaidh anailís chaighdeánaithe ar threochtaí. Chun claontacht staidrimh a sheachaint, is príomhcheanglas é an prótacal bailithe sonraí a chaighdeánú i dtéarmaí spáis (suíomh agus fad na conaire traschriosaí, agus an spás breathnóireachta timpeall suirbhéara) agus ama (fad na breathnóireachta ar an gconair thraschriosach). Thairis sin, chun cainníocht agus cáilíocht leordhóthanach na sonraí a bhailítear a áirithiú, ba cheart siúlóidí traschriosacha a dhéanamh ar leithligh le haghaidh beach, beach gabhair agus féileacán in éineacht le leamhain lae toisc go bhfuil siad éagsúil ó thaobh cuma agus iompraíochta de, rud a fhágann go mbíonn sé deacair ar shuirbhéir faireachán ceart a dhéanamh ar níos mó ná grúpa amháin ag an am.

Maidir le féileacáin oíche, tá gaiste solais ar an modh is costéifeachtaí chun sonraí allamuigh a bhailiú le haghaidh anailís chaighdeánaithe ar threochtaí. Maidir le siúlóidí traschriosacha, ba cheart spás (suíomh gaiste solais) agus am (minicíocht agus eatramh ama idir tréimhsí gníomhacha gaiste solais) a bheith caighdeánaithe sa phrótacal bailithe sonraí. Chun claontacht staidrimh a sheachaint, tá sé tábhachtach dearadh an ghaiste solais a chaighdeánú, agus an gá atá le coigeartú do dhálaí solais sna domhanleithid thuaidh á chur san áireamh.

Déanfar faireachán ar speicis pailneoirí neamhchoitianta trí chuairteanna spriocdhírithe ar an láthair ag suíomhanna aitheanta. Beidh sé teoranta do speicis a mheastar a bheith i mbaol criticiúil de réir Liosta Dearg an Aontais, agus/nó liostaí dearga náisiúnta de speicis faoi bhagairt.

**1.4. Simpliú, laghdú ualaigh agus costéifeachtacht**

Tá an modh faireacháin a leagtar amach sa rialachán tarmligthe ceaptha chun a áirithiú go ndéanfar daonraí agus éagsúlacht pailneoirí a thomhas ar bhealach atá láidir ó thaobh na heolaíochta de, agus an t-ualach riaracháin agus na costais cur chun feidhme ar na Ballstáit á n-íoslaghdú an tráth céanna.

Cé go gcuimsíonn pailneoirí na mílte speiceas ar fud go leor grúpaí tacsanomaíocha feithidí, leis an modh teorannaítear an raon feidhme faireacháin do ceithre ghrúpa thacsanomaíocha: beacha, beacha gabhair, féileacáin, agus leamhain (gan micrileamhain a áireamh). I gcás na ngrúpaí sin, tá an acmhainneacht faireacháin ann cheana nó is féidir í a thógáil ar bhealach costéifeachtach sa ghearrthéarma. Chun an t-ualach ar na Ballstáit a laghdú a thuilleadh, ní

áirítear ach amháin speicis leamhan atá níos mó toisc gur féidir sainaithint na speiceas sin a éascú le haithint íomhánna agus leis an intleacht shaorga.

Chun an t-ualach ar na Ballstáit a theorannú, leis an modh cuirtear córas sonrach i bhfeidhm chun faireachán a dhéanamh ar speicis pailneoirí neamhchoitianta. Déanfar faireachán ar speicis pailneoirí neamhchoitianta trí chuairteanna spriocdhírithe ar an láthair ar shuíomhanna aitheanta, rud atá níos tíosaí ar acmhainní ná iad a chumhdach sa chóras samplála randamach srathaithe le haghaidh roghnú láithreán a chuirtear i bhfeidhm le haghaidh speicis choitianta. Leis an rogha mhodheolaíoch sin, is féidir íoslaghdú a dhéanamh ar an líon láithreán faireacháin le haghaidh speicis choitianta. Thairis sin, chun an t-ualach ar na Ballstáit a laghdú a thuilleadh, tá an líon speiceas neamhchoitianta a bhfuil faireachán le déanamh orthu teoranta: níl faireachán spriocdhírithe éigeantach ach amháin le haghaidh speicis atá i mbaol criticiúil, agus is féidir leis na Ballstáit an líon sin a theorannú do 15.

Leis an rialachán tarmligthe, soláthraítear corrlach leathan do na Ballstáit chun an modh a oiriúnú de réir a riachtanas agus a saintréithe sonracha:

- Leis sin, cuirtear ar a gcumas do na Ballstáit an líon láithreán faireacháin le haghaidh speicis choitianta a shainiú, agus líon íosta láithreán á shocrú le haghaidh gach Ballstáit an tráth céanna. Leis an líon íosta léirítear ceann íochtair na hiarrachta samplála is gá a dhéanamh chun cainníochtú atá fónta ó thaobh staidrimh de a fháil ar na treochtaí i bhflúirse agus éagsúlacht pailneoirí. Leis an íosmhéid sin, ní féidir sonraí leordhóthanacha a bhailiú maidir leis an bhflúirse ach amháin le haghaidh 30 % de na speicis.
- Féadfaidh na Ballstáit suíomhanna iargúlta nó dorochtana a eisiamh ó shampla randamach láithreán.
- Féadfaidh na Ballstáit láithreáin faireacháin réamhbhunaithe a úsáid má roghnaíodh na láithreáin sin i gcomhréir leis na rialacha maidir le láithreáin a roghnú a leagtar amach sa rialachán tarmligthe.
- Tá solúbthacht ag na Ballstáit an tréimhse bhreathnóireachta bhliantúil agus dálaí comhshaoil optamacha a shainiú le haghaidh suirbhéanna allamuigh laistigh den tréimhse sin.
- Tá solúbthacht ag na Ballstáit freisin an chonair thraschriosach agus na gaistí solais a shuí laistigh de láithreán faireacháin, agus dearadh optamach de ghaistí solais a chinneadh.

Leis na gnéithe thuas den mhodh faireacháin, íoslaghdaítear ceanglais theicniúla, an t-ualach riaracháin agus lóistíocht sna Ballstáit, lena n-áirithítear an cur chuige is costéifeachtaí chun an cuspóir a leagtar amach sa Rialachán maidir le hAthchóiriú an Dúlra a bhaint amach.

**1.5. Tacaíocht do na Ballstáit i gcur chun feidhme an rialacháin tharmligthe**

Tá infheistíochtaí móra déanta ag an gCoimisiún chun cuidiú leis na Ballstáit acmhainneacht a fhothú agus ullmhú do chur chun feidhme an mhodha faireacháin.

Leis an tionscadal SPRING, tugadh tacaíocht shaincheaptha do na Ballstáit chun an acmhainneacht riaracháin agus theicniúil a fhorbairt chun an modh faireacháin a chur chun feidhme, agus leis an tionscadal STING+, ionchorpraítear deasc chabhrach theicniúil le haghaidh na n-údarás náisiúnta chun a rolladh amach a éascú.

Tacaíonn an Coimisiún faoi láthair le hoiliúint a chur ar shuirbhéirí allamuigh chun faireachán a dhéanamh ar phailneoirí agus speicis pailneoirí a shainaithint trí na tionscadail EPIC[8] (EPIC- bee, EPIC- fly, agus EPIC- butterfly).

Tacaíonn an Coimisiún freisin le forbairt a dhéanamh ar na huirlisí tacsanomaíocha is gá chun faireachán a dhéanamh ar phailneoirí trí na tionscadail ORBIT[9] agus Taxo-Fly[10], agus trí na tionscadail Fís Eorpach is iad sin TETTRIs[11] agus MAMBO[12] chomh maith leis sin.

**1.6. Costais mheasta le haghaidh chur chun feidhme an rialacháin tharmligthe**

An costas bliantúil chun an modh faireacháin a chur chun feidhme mar a leagtar amach sa rialachán tarmligthe, measadh go raibh sé cothrom le EUR 11,9 milliún (praghsanna 2024) le haghaidh an Aontais ina iomláine. Is ionann sin agus laghdú 33 go 37 % i gcomparáid leis an meastachán costais tosaigh sa mheasúnú tionchair[13] atá mar bhonn taca faoin togra ón gCoimisiún le haghaidh an Rialacháin maidir le hAthchóiriú an Dúlra.

Bhí an meastachán costais tosaigh bunaithe ar an gcéad tuarascáil STING agus bhí sé idir EUR 17,7 milliún agus EUR 18,9 milliún nuair a coigeartaíodh é le haghaidh boilsciú (praghsanna 2024).

Leis an meastachán nuashonraithe áirítear costais na n-infheistíochtaí in ábhair a úsáidtear chun faireachán a dhéanamh, suirbhéanna allamuigh a dhéanamh (siúlóidí traschriosacha, gaistí solais agus cuairteanna spriocdhírithe ar an láthair le haghaidh speicis neamhchoitianta), eiseamail pailneoirí a shainaithint sa tsaotharlann agus iad a stóráil, ábhar a phostáil chun críoch sainaitheanta agus stórála, oiliúint a chur ar shuirbhéirí, forchostais agus costais saothair nach mbaineann le pá.

Is é is cúis leis an difríocht idir an meastachán costais tosaigh agus nuashonraithe an mhodheolaíocht faireacháin chuíchóirithe agus shimplithe. Bhí an meastachán costais nuashonraithe bunaithe ar mhodh faireacháin lena n-áirítear na hathruithe seo a leanas i gcomparáid leis an modh le haghaidh an mheastacháin costais tosaigh:

- Tá an tsiúlóid thraschriosach ar an t-aon mhodh amháin chun faireachán a dhéanamh ar speicis choitianta de bheacha, beacha gabhair, féileacáin agus leamhain lae (i gcomparáid le meascán de shiúlóidí traschriosacha agus gaistí panna a bhreithnítear sa mheastachán tosaigh).
- Laghdaíodh an líon íosta láithreán ar a bhfuil na suirbhéanna faireacháin le déanamh (1 820 i gcomparáid le 1 988 sa mheastachán tosaigh).
- Cuireadh critéir leis sin chun go mbeidh na Ballstáit in ann suíomhanna iargúlta nó dorochtana a eisiamh ó shampla randamach láithreán.

Feabhsaíodh an modh ríofa a úsáideadh le haghaidh an mheastacháin costais nuashonraithe tríd an méid seo a leanas a dhéanamh:

- Eilimintí breise nár cuireadh san áireamh sa mheastachán tosaigh a chur san áireamh, amhail forchostais, costais chun an láithreán a roghnú, chun sonraí a iontráil agus a bhailíochtú agus chun eiseamail a bailíodh a stóráil.

---

[8] Cúrsaí Pailneoirí Eorpacha.
[9] https://orbitproject.wordpress.com
[10] https://www.helsinki.fi/en/projects/taxonomic-information-european-hoverfly-species
[11] An Tacsanomaíocht Eorpach a Chlaochlú trí Oiliúint, Taighde agus Nuálaíochtaí.
[12] Cuir Chuige Nua- aimseartha maidir le Faireachán a dhéanamh ar an mBithéagsúlacht..
[13] SWD(2022) 167 final, cuid 5/12, lch. 497.

- Glacadh leis go mbeidh sciar níos airde d'eiseamail (20- 50 % le haghaidh beach agus 10- 20 % le haghaidh beacha gabhair, de réir réigiún bithgheografach) ann nach mór a shainaithint i saotharlann i gcomparáid leis an meastachán tosaigh, go háirithe sna chéad 3 bliana faireacháin agus sa réigiún Meánmhuirí mar gheall ar éagsúlacht speiceas níos airde a bheith ann.
- Glacadh leis go ndéanfaidh gairmithe lánîoctha an faireachán. Murab ionann agus an meastachán tosaigh, níor cuireadh comhtháthú eolaíocht na saoránach san áireamh, rud a d'fhéadfadh rannchuidiú leis na costais faireacháin a ísliú.

D'ainneoin na costais bhreise sin a bheith curtha san áireamh, tá an modh faireacháin a leagtar amach sa rialachán tarmligthe seo i bhfad níos costéifeachtaí i gcomparáid leis an modheolaíocht tosaigh a cuireadh i láthair sa mheasúnú tionchair ar an Rialachán maidir le hAthchóiriú an Dúlra. Is iad na cúiseanna atá leis sin cuíchóiriú agus simpliú na modheolaíochta, mar a mhínítear i Roinn 1.4.

### 1.7. Sineirgí le beartais eile

In Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán maidir le pleananna straitéiseacha le haghaidh an Chomhbheartais Talmhaíochta[14] léirítear go bhfuil measúnú le déanamh ar na treochtaí le haghaidh pailneoirí trí úsáid a bhaint as bearta ábhartha de chuid an Aontais le haghaidh táscairí pailneoirí. Is bearta iomchuí chun na críche sin iad na táscairí pailneoirí a leagtar amach sa rialachán tarmligthe seo.

## 2. COMHAIRLIÚCHÁIN ROIMH GHLACADH AN GHNÍMH THARMLIGTHE

### 2.1. Comhairliúchán leis na Ballstáit agus le páirtithe leasmhara

Chuathas i gcomhairle leis na Ballstáit agus leis na páirtithe leasmhara maidir leis an dréachtrialachán tarmligthe trí Mheitheal Ardán Bithéagsúlachta[15] an Aontais um Pailneoirí (cruinnithe an 20 Samhain 2024, an 16 Nollaig 2024, an 19 Feabhra 2025 agus an 28 Bealtaine 2025) agus tríd an nGrúpa Saineolaithe i ndáil leis an Rialachán maidir le hAthchóiriú an Dúlra (cruinniú an 1 Iúil 2025).

Bunaithe ar aiseolas a fuarthas ó na gníomhaíochtaí comhairliúcháin sin, chomhtháthaigh an Coimisiún roinnt modhnuithe ina dhréachtrialachán tarmligthe, agus bhí sé d'aidhm aige sin an cur chun feidhme a éascú agus an t-ualach ar na Ballstáit a laghdú agus stóinseacht eolaíoch an mhodha faireacháin á coinneáil ar bun an tráth céanna. Ar na modhnuithe áiríodh go háirithe an méid seo a leanas:

- Laghdú substaintiúil ar raon feidhme na speiceas ar a bhfuil faireachán le déanamh
- Rialacha níos solúbtha maidir le láithreáin a roghnú chun próiseas samplála costéifeachtach a áirithiú
- Láithreáin atá ann cheana a úsáid le haghaidh faireacháin (má chomhlíontar na rialacha maidir le roghnú láithreán leo)
- Sainmhíniú solúbtha ar thréimhse bhreathnóireachta
- An tsiúlóid thraschriosach giorraithe chuig 1 km ar fad agus 60 nóiméad ar fad
- Líon laghdaithe gaistí solais ar gach láithreán faireacháin (péire)

---

[14] Rialachán (AE) 2021/2115.
[15] Ardán Bithéagsúlachta an Aontais (E02210).

- Prótacail bailithe sonraí a oibríochtú ar bhealach solúbtha maidir le minicíocht an fhaireacháin agus dálaí comhshaoil optamacha chun iad a chur i gcrích
- Solúbthacht maidir leis an gconair thraschriosach a shuí
- Solúbthacht maidir le gaistí éadroma a shuí agus a dhearadh
- Cur chuige simplithe chun faireachán a dhéanamh ar speicis neamhchoitianta: iarracht laghdaithe chun láithreacht speiceas neamhchoitianta a shuí, líon níos teoranta speiceas a bhfuil faireachán le déanamh orthu agus solúbthacht chun tosaíocht a thabhairt do na speicis bunaithe ar Liosta Dearg an Aontais nó ar Liosta Dearg náisiúnta
- Measúnú comhcheangailte ar threochtaí daonra na ngrúpaí pailneoirí uile
- Táscaire simplithe le haghaidh speicis neamhchoitianta

Ina theannta sin, rinneadh tuilleadh modhnuithe ar an dréachtrialachán tarmligthe chun soiléireacht an téacs dhlíthiúil a fheabhsú.

**2.2. Aiseolas ón bpobal**

Foilsíodh an dréachtrialachán tarmligthe chun aiseolas a fháil ón bpobal ar an tairseach 'Cloisimis uait!' ón 19 Meitheamh 2025 go dtí an 17 Iúil 2025[16]. San iomlán, fuarthas aiseolas ó 4044 pháirtí leasmhara, lena n-áirítear saoránaigh den Aontas (3868), saoránaigh nach saoránaigh den Aontas iad (85), eagraíochtaí neamhrialtasacha (23), institiúidí acadúla/taighde (17), eagraíochtaí comhshaoil (12), cuideachtaí/gnólachtaí (10), comhlachais ghnó (7), údaráis phoiblí (4), eagraíochtaí tomhaltóirí (1), agus páirtithe leasmhara eile (17).

Thacaigh tromlach mór (níos mó ná 90 %) de shaoránaigh an Aontais, saoránaigh nach saoránaigh den Aontas iad, eagraíochtaí neamhrialtasacha, institiúidí acadúla/taighde agus eagraíochtaí comhshaoil leis an dréachtrialachán tarmligthe, agus d'iarr siad ar an gCoimisiún leibhéal uaillmhéine agus príomhghnéithe an mhodha faireacháin atá beartaithe a choinneáil ar bun nó a neartú a thuilleadh. Chuir beagnach na freagróirí uile ó na grúpaí páirtithe leasmhara sin i dtábhacht go raibh géarghá le daonraí pailneoirí a athchóiriú, agus chuir formhór na bhfreagróirí béim ar an tábhacht a bhaineann le modh faireacháin láidir. Chuir thart ar an gceathrú cuid de na freagróirí in iúl gurbh fhearr leo modh faireacháin níos uaillmhianaí arbh é a bheadh i gceist leis líon níos mó láithreán faireacháin, raon feidhme tacsanomaíoch níos leithne maidir leis an bhfaireachán, nó modhanna breise nó níos déine chun sonraí a bhailiú. Chuir páirtithe leasmhara áirithe, go háirithe institiúidí acadúla/taighde an gá le fothú acmhainneachta agus le hinfheistíocht leanúnach in oiliúint i dtábhacht.

Thacaigh institiúidí acadúla/taighde leis an modh faireacháin mar atá beartaithe (35 %) nó rinne siad moltaí chun é a neartú (41 %). Is éard a bhí i gceist le cuid de na moltaí sin modhanna atá fós ag céim na forbartha. Cuireadh tuairimí éagsúla in iúl maidir le modhanna faireacháin ADN- bhunaithe a úsáid chun faireachán a dhéanamh ar an mórchóir ar phailneoirí. Mheas roinnt institiúidí acadúla/taighde (12 %) go bhféadfadh costais cur chun feidhme níos airde ná mar a measadh a bheith i gceist leis an gcur chuige sa dréachtrialachán tarmligthe.

Thacaigh cuideachtaí/gnólachtaí agus comhlachais ghnó go hiomlán leis an modh faireacháin atá beartaithe (50 %), nó le scéim níos simplí agus níos solúbtha (25 %), nó d'iarr siad go mbeadh an scéim faireacháin níos uaillmhianaí (19 %). Chuir comhlachais feirmeoirí agus

[16] https://ec.europa.eu/info/law/better-regulation/have-your-say/initiatives/14689-An-Rialachan-maidir-le-hAthchoiriu-an-Dulra-modh-eolaiochtbhunaithe-chun-faireachan-a-dheanamh-ar-eagsulacht-pailneoiri-agus-ar-phobail-na-bpailneoiri_ga

úinéirí foraoise i dtábhacht gur ghá breithniú a dhéanamh ar rochtain ar thalamh príobháideach, agus suaitheadh ar a ngníomhaíochtaí eacnamaíocha nó costais d'úinéirí talún á seachaint, agus chuir siad i dtábhacht chomh maith leis sin gur ghá impleachtaí diúltacha a bhaineann le foilsiú suíomhanna faireacháin a sheachaint.

Thacaigh na húdaráis phoiblí leis an togra, agus chuir siad na deacrachtaí a bhaineann le faireachán a dhéanamh ar fhéileacáin oíche i limistéir uirbeacha (50 %) i dtábhacht, agus solúbthachtaí leordhóthanacha maidir le roghnú an láithreáin (25 %) á moladh.

Ar an iomlán, leis an aiseolas ón bpobal léiríodh ardleibhéal tacaíochta le haghaidh an mhodha faireacháin a leagtar amach sa dréachtrialachán tarmligthe ar fud grúpaí páirtithe leasmhara éagsúla. Leis an aiseolas a fuarthas léiríodh gur áiríodh leis an modh faireacháin cothromaíocht mhaith idir stóinseacht eolaíoch an mhodha faireacháin agus a chur chun feidhme praiticiúil ar an láthair.

## 3. EILIMINTÍ DLÍ AN GHNÍMH THARMLIGTHE

Tá an rialachán tarmligthe seo bunaithe ar an gcumhachtú a leagtar amach in Airteagal 10(2) den Rialachán maidir le hAthchóiriú an Dúlra.

Le hAirteagal 1 leagtar síos na sainmhínithe.

Le hAirteagal 2 leagtar síos rialacha maidir leis na speicis pailneoirí ar a bhfuil faireachán le déanamh.

Le hAirteagal 3 leagtar síos rialacha maidir le faireachán a dhéanamh ar láithreáin.

Le hAirteagal 4 leagtar síos rialacha maidir leis an tréimhse bhreathnóireachta.

Le hAirteagal 5 leagtar síos an prótacal bailithe sonraí maidir le beacha, beacha gabhair, féileacáin agus leamhain lae.

Le hAirteagal 6 leagtar síos an prótacal bailithe sonraí maidir le leamhain oíche.

Le hAirteagal 7 leagtar síos an prótacal bailithe sonraí maidir le speicis pailneoirí neamhchoitianta.

Le hAirteagal 8 leagtar síos rialacha maidir le sainaithint speiceas.

Le hAirteagal 9 leagtar síos rialacha maidir le measúnú a dhéanamh ar threochtaí i ndaonraí pailneoirí.

Le hAirteagal 10 leagtar síos rialacha maidir leis an measúnú ar éifeachtacht na mbeart athchóirithe.

**RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) …/... ÓN gCOIMISIÚN**

**an 19.9.2025**

**lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2024/1991 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle trí mhodh eolaíochtbhunaithe a bhunú chun faireachán a dhéanamh ar éagsúlacht pailneoirí agus ar dhaonraí pailneoirí**

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2024/1991 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Meitheamh 2024 maidir le hathchóiriú an dúlra agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2022/869[17], agus go háirithe Airteagal 10(2) de Rialachán (AE) 2024/1991,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le Rialachán (AE) 2024/1991 ceanglaítear ar na Ballstáit feabhas a chur ar éagsúlacht pailneoirí agus an meath ar dhaonraí pailneoirí a aisiompú faoi 2030 ar a dhéanaí agus treocht mhéadaitheach a bhaint amach ina dhiaidh sin maidir le daonraí pailneoirí, rud a thomhaisfear gach 6 bliana ar a laghad ó 2030 ar aghaidh, go dtí go mbainfear leibhéil shásúla amach.

(2) Tá an Coimisiún chun modh eolaíochtbhunaithe a bhunú chun faireachán a dhéanamh ar éagsúlacht pailneoirí agus ar dhaonraí pailneoirí (‘an modh faireacháin’) lena soláthraítear cur chuige caighdeánaithe chun sonraí bliantúla a bhailiú maidir le flúirse agus éagsúlacht speiceas pailneoirí ar fud na n-éiceachóras, agus chun measúnú a dhéanamh ar threochtaí i ndaonra pailneoirí agus ar éifeachtacht beart athchóirithe.

(3) Le Rialachán (AE) 2024/1991 ceanglaítear ar na Ballstáit faireachán bliantúil a dhéanamh ar fhlúirse agus éagsúlacht speiceas pailneoirí trí úsáid a bhaint as an modh faireacháin agus torthaí an fhaireacháin a thuairisciú don Choimisiún.

(4) Chun go n-áiritheofar bailiú sonraí ardcháilíochta, agus ar an gcaoi sin measúnú, atá fónta ó thaobh na heolaíochta de, ar an dul chun cinn i dtreo na sprice maidir le daonraí pailneoirí a athchóiriú, ba cheart an modh faireacháin a bheith bunaithe ar phrionsabail agus modhanna eolaíocha seanbhunaithe. D’ainneoin é a bheith caighdeánaithe ó Bhallstát go chéile, ba cheart solúbthacht leordhóthanach a cheadú leis an modh faireacháin chun aghaidh a thabhairt ar dhálaí comhshaoil áitiúla.

(5) Ba cheart raon feidhme an mhodha faireacháin a bheith dírithe ar ghrúpaí tacsanomaíocha na bpailneoirí dá bhfuil acmhainneacht theicniúil leordhóthanach ann chun faireachán a dhéanamh nó i gcás inar féidir an acmhainneacht sin a thógáil ar bhealach costéifeachtach sa ghearrthéarma. Ba cheart an raon feidhme a athbhreithniú agus a leathnú chuig grúpaí tacsanomaíocha breise pailneoirí nuair a thagann méadú ar an acmhainneacht theicniúil amach anseo.

---

17 IO L 2024/1991, 29.7.2024, lgh. 1- 93, http://data.europa.eu/eli/reg/2024/1991/oj

(6) Chun costéifeachtacht an mhodha faireacháin a áirithiú, ba cheart cineálacha éagsúla cur chuige a úsáid chun faireachán a dhéanamh ar speicis pailneoirí choitianta agus ar speicis pailneoirí neamhchoitianta. Ba cheart faireachán a dhéanamh ar speicis choitianta ar láithreáin a roghnaítear trí chur chuige samplála randamach srathaithe a chur i bhfeidhm. Ba cheart faireachán a dhéanamh ar speicis pailneoirí neamhchoitianta trí chuairteanna spriocdhírithe ar an láthair ós rud é nach féidir treochtaí i ndaonraí pailneoirí le haghaidh na speiceas sin a aithint trí shampláil randamach shrathaithe ag líon teoranta láithreán faireacháin.

(7) I bhfianaise na hacmhainneachta teoranta chun faireachán a dhéanamh ar speicis pailneoirí neamhchoitianta trí chuairteanna spriocdhírithe ar an láthair, ba cheart iarrachtaí a dhíriú ar na speicis is mó atá faoi bhagairt ar leibhéal an Aontais nó ar an leibhéal náisiúnta, agus ba cheart a cheadú do na Ballstáit an faireachán a theorannú do 15 speiceas pailneoirí neamhchoitianta. Ba cheart athbhreithniú agus méadú a dhéanamh ar an líon speiceas pailneoirí neamhchoitianta ar a bhfuil faireachán le déanamh nuair a thiocfaidh méadú ar an acmhainneacht le haghaidh faireachán spriocdhírithe amach anseo.

(8) Le Rialachán (AE) 2024/1991 ceanglaítear ar na Ballstáit a áirithiú go dtagann na sonraí faireacháin ó líon leordhóthanach de láithreáin faireacháin chun ionadaíochas a áirithiú ar fud a gcríoch. Chuige sin, agus chun a áirithiú gur féidir an treocht maidir le flúirse agus éagsúlacht pailneoirí a chinneadh go muiníneach, is gá líon íosta a leagan síos le haghaidh an lín láithreán faireacháin ag a bhfuil sonraí le bailiú i ngach Ballstát. Tríd an líon íosta sin a leagan síos, beidh na Ballstáit in ann faireachán a dhéanamh ar níos mó láithreáin faireacháin ionas gur fearr is féidir leo athruithe ar fhlúirse agus éagsúlacht pailneoirí a bhrath.

(9) Bíonn tionchar ag dálaí comhshaoil éagsúla ar ghníomhaíocht pailneoirí, dálaí a bhraitheann ar chúinsí áitiúla. Dá bhrí sin, ba cheart an faireachán a theorannú do thréimhsí ina mbíonn pailneoirí gníomhach ag an gcéim aosach dá saolré ionchais. Ba cheart dálaí comhshaoil oiriúnacha chun faireachán a dhéanamh a shainiú ar an leibhéal náisiúnta, réigiúnach nó áitiúil, de réir mar is iomchuí.

(10) Ba cheart tuairisc a thabhairt ar éagsúlacht speiceas pailneoirí coitianta agus úsáid á baint as Innéacs Éagsúlachta Shannon- Wiener[18], ar méadrach é sin a bhfuil glacadh forleathan leis chun bithéagsúlacht a chainníochtú. Ba cheart flúirse speiceas pailneoirí coitianta a chainníochtú trí fhlúirsí speiceas pailneoirí aonair, ar leor sonraí faireacháin ina leith, a chomhcheangal.

(11) Is iomchuí flúirse agus éagsúlacht na speiceas coitianta uile ar a ndéantar faireachán a chomhcheangal i gcomhtháscaire pailneoirí aonair, lena soláthraítear luach amháin in aghaidh an Bhallstáit in aghaidh na bliana.

(12) Níor cheart speicis choimhthíocha, mar a shainmhínítear i Rialachán (AE) Uimh. 1143/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[19], a chur san áireamh agus measúnú á dhéanamh ar fhlúirse agus éagsúlacht speiceas pailneoirí, ós rud é nach féidir a mheas go bhfuil láithreacht na speiceas sin ina rannchuidiú le daonraí pailneoirí dúchasacha ach, ina ionad sin, is féidir a mheas gur bagairt ar an mbithéagsúlacht iad.

---

[18] Allaby, M. (2020) *A Dictionary of Zoology* (an 5ú heagrán). Oxford University Press, Oxford. doi: 10.1093/acref/9780198845089.001.0001.

[19] Rialachán (AE) Uimh. 1143/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 22 Deireadh Fómhair 2014 maidir le tabhairt isteach agus leathadh speiceas coimhthíoch ionrach a chosc agus a bhainistiú (IO L 317, 4.11.2014, lgh. 35-55, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2014/1143/oj).

(13) Ós rud é nach méadrach oiriúnach é Innéacs Éagsúlachta Shannon- Wiener d'éagsúlacht speiceas neamhchoitianta, chun éagsúlacht fhoriomlán speiceas pailneoirí a léiriú, idir speicis choitianta agus neamhchoitianta araon, is iomchuí speicis pailneoirí neamhchoitianta a chomhtháthú sa mheasúnú ar éagsúlacht pailneoirí trí tháscaire maidir le saibhreas speiceas pailneoirí, i.e. táscaire lena gcomhcheanglaítear an líon speiceas pailneoirí coitianta agus neamhchoitianta a thaifeadtar i mBallstát. Agus faireachán á dhéanamh ar speicis neamhchoitianta, ba cheart leamhain a eisiamh, toisc nach féidir meastachán a dhéanamh ar an ualach faireacháin ós rud é nach ann, faoi láthair, do mheasúnuithe liosta dheirg le haghaidh leamhan.

(14) Chun measúnú a dhéanamh ar éifeachtacht na mbeart athchóirithe a chuirtear chun feidhme i mBallstát, ba cheart treochtaí i bhflúirse agus éagsúlacht speiceas pailneoirí a mheas in éiceachórais talmhaíochta, in éiceachórais foraoise agus in éiceachórais eile, faoi seach, ós rud é go bhfuil difríocht shubstaintiúil idir na bearta athchóirithe i ngach ceann de na cineálacha éiceachórais sin,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

**Sainmhínithe**

Chun críche an Rialacháin seo, beidh feidhm ag na sainmhínithe seo a leanas:

(1) ciallaíonn 'beacha' speicis Anthophila (Apoidea), seachas an bheach mheala (*Apis mellifera*);

(2) ciallaíonn 'beacha gabhair' speiceas de Syrphidae;

(3) ciallaíonn 'féileacáin' speiceas de Papilionoidea;

(4) ciallaíonn 'leamhain' speicis de na finte seo a leanas de Heterocera: Brachodidae, Castniidae, Cimeliidae, Drepanidae, Erebidae (lena n-áirítear Lymantriinae), Euteliidae, Geometridae, Heterogynidae, Limacodidae, Noctuidae, Nolidae, Notodontidae, Sesiidae, Sphingidae, Uraniidae, agus Zygaenidae, ar choinneáil go mbeidh réise sciathán 20 mm nó níos mó acu arna measúnú ar bhonn na litríochta;

(5) ciallaíonn 'leamhain lae' speicis leamhain atá gníomhach i rith an lae ag an gcéim aosach dá saolré;

(6) ciallaíonn 'leamhain oíche' speicis de leamhain atá gníomhach san oíche ag an gcéim aosach dá saolré;

(7) ciallaíonn 'máistirghreille LUCAS' athrú ar Ghreille Limistéar Comhionann 1 km Asamatach Lambert INSPIRE (Grid_ETRS89- LAEA_1km), bunaithe ar Chóras Tagartha Comhordanáidí Limistéar Comhionann Asamatach Lambert ETRS89 (ETRS89-LAEA), agus lárphointe teilgin seasta ag 52°TN, 10°O[20] aici;

(8) ciallaíonn 'sampláil randamach shrathaithe ar láithreáin faireacháin' sampláil staidrimh chaighdeánaithe, i gcás ina bhfuil an dóchúlacht chéanna ann go roghnófar láithreáin faireacháin ó dhaonra atá deighilte ina fhodhaonraí (strataim);

[20] https://ec.europa.eu/eurostat/web/lucas/database/primary-data

(9) ciallaíonn 'réigiúin bhithgheografacha' réigiúin bhithgheografacha a liostaítear in Airteagal 1, pointe (c)(iii), de Threoir 92/43/CEE[21];

(10) ciallaíonn 'éiceachórais eile' éiceachórais seachas éiceachórais talmhaíochta agus éiceachórais foraoise atá comhiomlánaithe in aon stratam amháin;

(11) ciallaíonn 'siúlóid thraschriosach' modh bailithe sonraí ina siúlann suirbhéir bealach réamhchinntithe (traschrios) chun sonraí allamuigh a bhailiú maidir le speicis pailneoirí;

(12) ciallaíonn 'tréimhse bhreathnóireachta' an tréimhse den bhliain a chomhfhreagraíonn do shéasúr eitilte thromlach mór na speiceas pailneoirí;

(13) ciallaíonn 'gaiste solais' gaireas lena mealltar speicis pailneoirí le linn na hoíche trí sholas a úsáid agus lena ngabhtar i gcoimeádán iad;

(14) ciallaíonn 'tréimhse mheasúnaithe' an tréimhse ama ar lena linn a dhéantar measúnú ar an dul chun cinn maidir leis an sprioc dá dtagraítear in Airteagal 10(1) de Rialachán (AE) 2024/1991;

(15) ciallaíonn 'speiceas coimhthíoch' speiceas coimhthíoch mar a shainmhínítear in Airteagal 3(1) de Rialachán (AE) Uimh. 1143/2014;

*Airteagal 2*

**An spriocspeiceas**

Baileoidh na Ballstáit sonraí maidir le flúirse agus éagsúlacht speiceas pailneoirí sna grúpaí tacsanomaíocha seo a leanas:

(a) beacha

(b) beacha gabhair

(c) féileacáin

(d) leamhain

*Airteagal 3*

**Láithreáin faireacháin**

1. Cearnóg 2 km faoi 2 km a bheidh i láithreán bailithe sonraí ('láithreán faireacháin') agus é láraithe ar phointe de mháistirghreille LUCAS.

2. De mhaolú ar mhír 1, féadfaidh na Ballstáit láithreáin faireacháin réamhbhunaithe a úsáid, a mhéid a roghnaíodh na láithreáin sin i gcomhréir leis na ceanglais a leagtar amach i míreanna 4, 5 agus 6.

3. Baileoidh na Ballstáit sonraí maidir le flúirse agus éagsúlacht speiceas pailneoirí maidir leis an líon íosta láithreán faireacháin a leagtar amach in Iarscríbhinn I.

4. Roghnóidh na Ballstáit na láithreáin faireacháin trí shampláil randamach shrathaithe a chur i bhfeidhm. Is de réir réigiún bithgheografach agus na gcineálacha éiceachórais seo a leanas a bheidh an srathú:

---

[21] Treoir 92/43/CEE ón gComhairle an 21 Bealtaine 1992 maidir le caomhnú gnáthóg nádúrtha agus fána agus flóra fiáine. (IO L 206, 22.7.1992, lgh. 7-50, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/1992/43/2013-07-01.

(a) éiceachórais talmhaíochta

(b) éiceachórais foraoise

(c) éiceachórais eile

I dteannta an tsrathaithe dá dtagraítear sa chéad fhomhír, féadfaidh na Ballstáit srathú a chur i bhfeidhm de réir réigiúin NUTS, aicmí airde, stádas cosanta nó catagóirí níos beaichte d'úsáid talún nó cumhdach talún.

Beidh an líon láithreán i ngach stratam comhréireach le sciar geografach an strataim sin i gcríoch talún Ballstáit ar leith.

5. Leis an nós imeachta maidir le sampláil randamach shrathaithe ar láithreáin, áiritheofar ionadaíochas ar fud na críche náisiúnta.

Beidh na hachair idir na láithreáin faireacháin cothrom, ar a laghad, leis an méid seo a leanas:

(a) 10 km le haghaidh na mBallstát ar mó a gcríoch talún ná 75 000 km²;

(b) 5 km le haghaidh na mBallstát a bhfuil a gcríoch talún idir 20 000 km² agus 75 000 km²;

(c) 1 km le haghaidh na mBallstát a bhfuil a gcríoch talún idir 1 000 km$^{2}$ agus 20 000 km².

Ní bheidh aon achar íosta ann idir na láithreáin faireacháin le haghaidh na mBallstát ar lú ná 1 000 km$^{2}$ a gcríoch talún.

6. Agus sampláil randamach shrathaithe na láithreán faireacháin á cur i bhfeidhm, féadfaidh na Ballstáit láithreán faireacháin a eisiamh má chomhlíontar ceann amháin ar a laghad de na critéir eisiaimh seo a leanas leis:

(a) tá níos mó ná 30 % den láithreán faireacháin gan fásra talún;

(b) tá an láithreán faireacháin lonnaithe go páirteach nó go hiomlán i lárionaid uirbeacha, i mbraislí uirbeacha nó i limistéir pheirea-uirbeacha;

(c) níl rochtain ar 30 % ar a laghad den láithreán faireacháin mar gheall ar bhonneagar poiblí a bheith ann nó toisc go bhfuil an láithreán faireacháin suite i limistéar poiblí a bhfuil rochtain theoranta air, amhail crios míleata, crios teorann nó crios seilge;

(d) níl rochtain ar 30 % ar a laghad den láithreán faireacháin toisc go bhfuil an láithreán faireacháin suite i limistéar príobháideach ar crios teorann nó crios seilge é;

(e) tá an láithreán faireacháin suite ag domhanleithead os cionn 65°T;

(f) cuirtear bac ar bhailiú sonraí ag an láithreán faireacháin ar cheann amháin, ar a laghad, de na cúiseanna seo a leanas:

(i) tá an láithreán faireacháin i bhfad ón mbóthar is gaire atá inrochtana le mótarfheithiclí (níos mó ná 2 km), nó tá sé scartha ón mbóthar le constaicí fisiceacha nó nádúrtha móra, rud a fhágann gur deacair rochtain thráthrialta a fháil air;

(ii) tá an láithreán faireacháin suite ar oileán is lú ná 50 km² nó ní féidir rochtain a fháil air ach amháin ar thuras báid a mhaireann níos mó ná 2 uair an chloig ó chalafort ina bhfuil seirbhís farantóireachta thráthrialta;

(iii) tá fána is mó ná 20 céim ag 30 % ar a laghad den láithreán faireacháin;

(g) ní féidir an suíomh faireacháin a shannadh do cheann amháin de na strataim dá dtagraítear i mír 4

7. Déanfaidh na Ballstáit liosta a tharraingt suas de na láithreáin faireacháin a roghnaítear i gcomhréir le míreanna 4, 5 agus 6 laistigh dá gcríoch ('liosta na láithreán faireacháin').

Ní athrófar liosta na láithreán faireacháin le linn tréimhse mheasúnaithe.

8. De mhaolú ar mhír 7, an dara fomhír, féadfar láithreán ar liosta na láithreán faireacháin a ionadú tráth ar bith más féidir teacht ar an gconclúid go gcomhlíontar leis ceann amháin ar a laghad de na critéir eisiaimh a leagtar amach i mír 6. Cuirfear i bhfeidhm sampláil randamach shrathaithe dá dtagraítear i míreanna 4, 5 agus 6 in ionad na láithreán faireacháin a eisiatar ón liosta.

9. Cuirfidh na Ballstáit an Coimisiún agus an Ghníomhaireacht Eorpach Comhshaoil ar an eolas, gan mhoill, faoi liosta na láithreán faireacháin, agus faoi aon athrú air. Cuirfidh an Ghníomhaireacht Eorpach Comhshaoil an liosta ar fáil go poiblí.

*Airteagal 4*

**An tréimhse bhreathnóireachta**

Saineoidh na Ballstáit, le haghaidh gach láithreáin, an tréimhse bhreathnóireachta ar lena linn a dhéanfar an bailiú sonraí i gcomhréir le hAirteagail 5 agus 6 gach bliain. Ní athrófar an tréimhse bhreathnóireachta le linn tréimhse mheasúnaithe.

*Airteagal 5*

**Prótacal bailithe sonraí maidir le beacha, beacha gabhair, féileacáin agus leamhain lae**

1. Le linn na tréimhse breathnóireachta a leagtar amach i gcomhréir le hAirteagal 4, baileoidh na Ballstáit sonraí maidir le beacha, beacha gabhair, féileacáin agus leamhain lae ar gach láithreán faireacháin trí shiúlóidí traschriosacha a dhéanamh.

2. Déanfar siúlóidí traschriosacha ar leithligh le haghaidh na nithe seo a leanas:

(a) beacha;

(b) beacha gabhair;

(c) féileacáin agus leamhain lae.

3. Déanfar na siúlóidí traschriosacha ag an láithreán faireacháin céanna uair sa mhí le linn na tréimhse breathnóireachta, agus eatramh ama íosta 3 seachtaine ann.

4. De mhaolú ar mhír 3, i gcás nach gcomhlíontar na dálaí comhshaoil dá dtagraítear i mír 7 thar thréimhse bhreisithe ama lena gcuirtear cosc ar shiúlóidí traschriosacha a dhéanamh uair sa mhí, is féidir go ndéanfar na siúlóidí traschriosacha níos annaimhe ná uair sa mhí.

5. De mhaolú ar mhír 3, féadfaidh na Ballstáit siúlóidí traschriosacha a dhéanamh níos minice ag láithreáin faireacháin i gcás ina bhfuil an tréimhse bhreathnóireachta níos giorra ná 6 mhí. Sa chás sin, beidh an t-eatramh íosta ama níos giorra ná 3 seachtaine.

6. Maidir le gach siúlóid thraschriosach, taifeadfar na paraiméadair chomhshaoil seo a leanas:

(a) teocht (in °C);

(b) brat scamall (in ochtaí);

(c) luas na gaoithe (in m/s);

(d) ceo (láithreacht/neamhláithreacht);

(e) frasaíocht (láithreacht/neamhláithreacht);

(f) am tosaithe (uu:nn);

(g) aon pharaiméadar ábhartha eile lena bhféadfar difear a dhéanamh don bhailiú sonraí.

7. Déanfar siúlóidí traschriosacha faoi dhálaí comhshaoil ar lena linn a bheidh na speicis dá dtagraítear i mír 1 gníomhach ag an gcéim aosach dá saolré. Chun na críche sin, le haghaidh na bparaiméadar comhshaoil a liostaítear i mír 6, pointí (a) go (f), sonróidh na Ballstáit na dálaí faoina bhfuil na siúlóidí traschriosacha le déanamh. Féadfar na coinníollacha sin a oiriúnú d’imthosca áitiúla agus ní athrófar iad le linn tréimhse mheasúnaithe.

8. Beidh gach siúlóid thraschriosach 1 km ar fad.

9. Úsáidfear an chonair thraschriosach chéanna le haghaidh beach, beacha gabhair, féileacán agus leamhain lae ag gach láithreán faireacháin. Beidh an chonair thraschriosach suite go hiomlán laistigh de theorainneacha an láithreáin faireacháin. Féadfaidh an chonair thraschriosach a bheith leanúnach nó scoilte ina codanna. Déanfar í a gheo-thagairt agus a mhapáil sula gcuirfear tús leis an mbailiú sonraí. Déanfar gach cuid den chonair thraschriosach a shannadh do cheann amháin de na cineálacha éiceachórais dá dtagraítear in Airteagal 3(4), an chéad fhomhír. Ní athrófar an chonair thraschriosach ar gach láithreán faireacháin mura dtagann sí chun bheith dorochtana go páirteach nó go hiomlán de dheasca *force majeure*.

10. Siúlfar an tsiúlóid thraschriosach chun tosaigh ar luas seasmhach ar feadh am breathnóireachta éifeachtach iomlán 60 nóiméad. Ní áireofar san am breathnóireachta an t-am is gá chun eiseamail a ghabháil, a láimhseáil, a shainaithint nó a thaifeadadh.

11. Baileofar sonraí laistigh den spás breathnóireachta tríthoiseach línithe seo a leanas timpeall an duine a dhéanann an tsiúlóid thraschriosach (‘an suirbhéir’):

(a) maidir le beacha agus beacha gabhair: 1,5 m ar gach taobh den suirbhéir, 1,5 m roimh an suirbhéir, agus 1,5 m os cionn an tsuirbhéara;

(b) le haghaidh féileacán agus leamhain lae: 2,5 m ar gach taobh den suirbhéir, 5 m roimh an suirbhéir, agus 5 m os cionn an tsuirbhéara.

12. Déanfar gach taifeadadh ar eiseamal a shannadh do cheann amháin de na cineálacha éiceachórais dá dtagraítear in Airteagal 3(4), an chéad fhomhír.

*Airteagal 6*

**Prótacal bailithe sonraí maidir le leamhain oíche**

1. Le linn na tréimhse breathnóireachta a leagtar amach i gcomhréir le hAirteagal 4, baileoidh na Ballstáit sonraí maidir le leamhain oíche ag gach láithreán faireacháin trí ghaistí solais a úsáid.

2. Beidh na gaistí solais gníomhach oíche amháin in aghaidh na míosa le linn na tréimhse breathnóireachta, agus beidh eatramh ama íosta 3 seachtaine ann idir tréimhsí gníomhacha de ghaiste solais ag an láithreán faireacháin céanna.

3. De mhaolú ar mhír 2, i gcás nach gcomhlíontar na dálaí comhshaoil dá dtagraítear i mír 6 thar thréimhse bhreisithe ama lena gcuirtear cosc ar ghaistí solais a chur go míosúil, féadfar na gaistí solais a chur níos annaimhe ná uair amháin sa mhí.

4. De mhaolú ar mhír 2, féadfar na gaistí solais a chur níos minice ná uair amháin sa mhí ag láithreáin faireacháin i gcás ina bhfuil an tréimhse bhreathnóireachta níos giorra ná 6 mhí. Sa chás sin, beidh an t-eatramh íosta ama níos giorra ná 3 seachtaine.

5. Le linn thréimhse ghníomhach gach gaiste solais, déanfar na paraiméadair chomhshaoil seo a leanas a thaifeadadh:

(a) teocht (in °C);

(b) brat scamall (in ochtaí);

(c) luas na gaoithe (in m/s);

(d) ceo (láithreacht/neamhláithreacht);

(e) frasaíocht (láithreacht/neamhláithreacht);

(f) príomhchéim na gealaí (gealach úr, i mbéal ceathrún, gealach lán, an cheathrú dheireanach);

(g) aon pharaiméadar ábhartha eile lena bhféadfar difear a dhéanamh don bhailiú sonraí.

6. Cuirfear gaistí solais faoi dhálaí comhshaoil ar lena linn a bheidh na speicis dá dtagraítear i mír 1 gníomhach ag an gcéim aosach dá saolré. Chun na críche sin, le haghaidh na bparaiméadar comhshaoil a liostaítear i mír 5, pointí (a) go (f), sonróidh na Ballstáit na dálaí faoina bhfuil na gaistí solais le cur. Féadfar na coinníollacha sin a oiriúnú do na himthosca ag gach láithreán agus ní athrófar iad le linn tréimhse mheasúnaithe.

7. Cuirfear dhá ghaiste solais ag gach láithreán faireacháin, agus achar 50 m ar a laghad eatarthu. Cuirfear na gaistí solais 10 m ar a laghad ó dhobharlaigh, agus 50 m ar a laghad ó fhoinsí solais saorga. Cuirfear iad sa chaoi go mbeidh barr na foinse solais idir 30 cm agus 1 m os cionn leibhéal na talún. Beidh ga 1 m timpeall gach gaiste saor ó bhacainní lena bhféadfaí solas an ghaiste a bhlocáil.

8. Déanfar suíomh na ngaistí solais a gheo-thagairt agus a mhapáil le haghaidh gach láithreáin faireacháin sula gcuirfear tús le bailiú sonraí. Déanfar gach gaiste solais a shannadh do cheann amháin de na cineálacha éiceachórais dá dtagraítear in Airteagal 3(4), an chéad fhomhír. Ní athrófar suíomh gach gaiste solais le linn tréimhse mheasúnaithe, mura dtagann sé chun bheith dorochtana de dheasca *force majeure*.

9. Úsáidfidh na Ballstáit dearadh gaiste solais comhionann agus cineál foinse solais comhionann ag gach láithreán faireacháin. Ní athrófar dearadh an ghaiste solais ná cineál na foinse solais le linn tréimhse mheasúnaithe.

De mhaolú ar an gcéad fhomhír, féadfar dearadh gaiste solais agus cineál foinse solais éagsúil a úsáid i ndomhanleithid is airde ná 60° T.

Beidh aschur ard ag foinse solais gach gaiste solais sa raon solais ultraivialait agus ghoirm (350- 550 nm). Déanfar na foinsí solais a choinneáil ar bun go cuí gan aon athrú substaintiúil ar dhéine solais ná comhdhéanamh speictreach le himeacht ama.

*Airteagal 7*

**Prótacal bailithe sonraí maidir le speicis pailneoirí neamhchoitianta**

1. Déanfaidh na Ballstáit faireachán spriocdhírithe ar gach speiceas beach, beach gabhair agus féileacán a mheastar a bheith i mbaol criticiúil. Chun na críche sin, féadfaidh na Ballstáit Liosta Dearg an Aontais de na Speicis faoi Bhagairt[22], nó liosta dearg náisiúnta speiceas, nó iad araon, a úsáid.

2. De mhaolú ar mhír 1, má tá an líon speiceas a bhunaítear i gcomhréir le mír 1 níos airde ná 15 speiceas, féadfaidh na Ballstáit an líon speiceas ar a bhfuil faireachán le déanamh a theorannú do 15 speiceas.

3. Déanfaidh na Ballstáit liosta speiceas a tharraingt suas ar a bhfuil faireachán le déanamh i gcomhréir le míreanna 1 agus 2 agus tabharfaidh siad fógra don Choimisiún faoi sin. Ní athrófar an liosta sin le linn tréimhse mheasúnaithe.

4. Déanfar faireachán ar speicis ar an liosta dá dtagraítear i mír 3 trí chuairteanna spriocdhírithe ar an láthair uair sa bhliain ar a laghad ag suíomhanna aitheanta an speicis, lena suitear a láithreacht nó a neamhláithreacht. Féadfaidh na Ballstáit scor d'fhaireachán a dhéanamh ar speiceas in aon bhliain ar leith a luaithe a shuífear go bhfuil sé i láthair amháin ar a laghad.

5. Beidh geo-thagairt ag gabháil leis na taifeadtaí uile de na speicis dá dtagraítear i mír 3.

*Airteagal 8*

**Sainaithint speiceas**

Sainaithneoidh na Ballstáit eiseamail de spriocspeicis a breathnaíodh nó a gabhadh ar leibhéal an speicis trí úsáid a bhaint as diagnóisic saineolaithe, modhanna ADN- bhunaithe, intleacht shaorga, nó modhanna eile atá cruthaithe go heolaíoch.

*Airteagal 9*

**Measúnú ar threochtaí i ndaonraí pailneoirí**

1. Déanfar measúnú ar na treochtaí maidir le flúirse agus éagsúlacht pailneoirí bunaithe ar na sonraí arna mbailiú ag na Ballstáit i gcomhréir leis an Rialachán seo.

2. Chun an measúnú dá dtagraítear i mír 1 a dhéanamh, ríomhfar comhtháscaire pailneoirí le haghaidh gach Ballstáit trí úsáid a bhaint as an modh a leagtar amach in Iarscríbhinn II, agus ríomhfar táscaire maidir le saibhreas speiceas pailneoirí le haghaidh gach Ballstáit agus úsáid á baint as an modh a leagtar amach in Iarscríbhinn III.

3. Eisiafar speicis choimhthíocha ó raon feidhme an mheasúnaithe.

4. Cuirfear tús leis an gcéad tréimhse mheasúnaithe [Oifig na bhFoilseachán: cuir isteach an dáta 12 mhí tar éis dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo] agus

---

22 https://environment.ec.europa.eu/topics/nature-and-biodiversity/european-red-list-threatened-species_en

tiocfaidh deireadh léi in 2030. Ina dhiaidh sin, mairfidh gach tréimhse mheasúnaithe 6 bliana.

*Airteagal 10*

**Measúnú ar éifeachtacht beart athchóirithe**

Chun measúnú a dhéanamh ar éifeachtacht na mbeart athchóirithe i gcomhréir le hAirteagal 10(3) de Rialachán (AE) 2024/1991, déanfar an comhtháscaire pailneoirí a ríomh ar leithligh le haghaidh gach ceann de na cineálacha éiceachórais dá dtagraítear in Airteagal 3(4), an chéad fhomhír.

*Airteagal 11*

**Teacht i bhfeidhm**

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 19.9.2025

*Thar ceann an Choimisiúin*
*An tUachtarán*
*Ursula VON DER LEYEN*